# Cad iad na tréithe a bhaineann le seomra ranga OSPS/OCG sábháilte?

In OSPS/OCG, foghlaimíonn páistí agus daoine óga faoi nithe tábhachtacha, agus nithe dúshlánacha ar uairibh fúthu féin agus faoi dhaoine eile. Is ábhar é lena féidir mothúcháin agus freagairtí láidre, údair imní, náire agus leochaileachta a ghiniúint, i measc mothúchán eile. Is amhlaidh dá réir ar tábhachtach do gach páiste agus duine óg go mbeadh timpeallacht shábháilte acu lena gcuid ceisteanna a chomhroinnt, le foghlaim agus le bheith rannpháirteach gan a bheith aonraithe dá bharr. (UNESCO *International technical guidance on sexuality education*, 2018, lch 96)

Is féidir an meon sábháilte sin a ghnóthú ar roinnt bealaí.

Bíonn sé tábhachtach ón tús go mbeifí soiléir faoi

1. Mo chuid teorainneacha mar mhúinteoir OSPS/OCG
2. Bunrialacha faoin gcaoi a n-oibreoidh an rang le chéile
3. Cosaint leanaí.

## 1. Mo chuid teorainneacha mar mhúinteoir OSPS/OCG

Is bunchuid de d'obair mar mhúinteoir é cothabháil na dteorainneacha gairmiúla. Is leis na teorainneacha a mhúnlaítear ár gcaidreamh le scoláirí, lena dtuismitheoirí/gcúramóirí agus lenár gcomhghleacaithe. Níl sé i gceist le cothabháil na dteorainneacha go mbeadh do chuid caidreamh fuar nó scartha. Is féidir leat caidrimh chairdiúla agus iontaofa a fhorbairt le do scoláirí, rud ar cheart duit a dhéanamh - ach cuimhnigh nach "cara" leo thú.

Bíonn sé tábhacht don mhúinteoir go léireoidís a gcineáltas agus féith a ngrinn, agus bíonn comhroinnt eispéireas saoil éigin cuiditheach uaireanta freisin. Caithfear é sin a dhéanamh ar bhealach stuama, sa chaoi nach mbraitheann tú go bhfuil tú neamhchosanta, agus nach síleann na scoláirí gurb é an chaoi ina bhfreagraíonn tú do chás an t-aon bhealach lena fhuascailt. Is daoine muid ar fad agus b'fhéidir go mbainfeadh cúrsaí lenár saol (roimhe seo nó faoi láthair) a chaithfí a choinneáil scartha ónár saothar sa seomra ranga. Is éard a bhaineann le cothabháil na dteorainneacha gairmiúla go mbeifeá ag feidhmiú i gcónaí "i ról" an mhúinteora, agus go dtugann tú cosaint do do scoláirí ó nochtadh neamhchuiditheach nó míchuí do dhúshláin phearsanta/ghairmiúla nó deacrachtaí mothúchánacha féin.

Príomhghné eile de chothabháil na dteorainneacha gairmiúla is ea feasacht faoi theorainneacha do róil mar mhúinteoir, toilteanas ar do shon gan ligean ort gur saineolaí ar gach ábhar tú agus fios a bheith agat faoin uair is ceart saineolas daoine eile a fháil (i gcás údair imní faoi chosaint leanaí san áireamh).

**Ná ceap ceann scríbe do do scoláirí: Bíonn siad ar a n-aistear féin go léir agus ní féidir leat ach treoir éigin a thabhairt dóibh.**

# Cad iad na tréithe a bhaineann le seomra ranga OSPS/OCG sábháilte?

## 2. Bunrialacha faoin gcaoi a n-oibreoidh an rang le chéile

Meabhraigh go bhféadfadh roinnt ábhar a bheith deacair nó dúshlánach do roinnt scoláirí ag brath ar a n-eispéireas saoil. D'fhéadfadh sé a bheith níos fusa do scoláirí rannpháirtíocht shábháilte a bheith acu dá mbunófaí bunrialacha. Is follasach leis na bunrialacha iad róil, cearta agus cúraimí gach uile dhuine a bhíonn páirteach sa chaidreamh foghlama. Áirithítear urraim leo freisin do phríobháideachas daoine agus bunaítear teorainneacha iomchuí leo don mhéid ar cheart agus nár cheart a thabhairt aníos i bplé seomra ranga.

Beidh na rudaí seo tábhachtach nuair a bhunófar bunrialacha don rang OSPS/OCG:

- Bíonn an scoláire páirteach go gníomhach chun na bunrialacha a chinneadh
- Sloinntear na bunrialacha mar ráitis dhearfacha, úsáidtear an chéad phearsa agus níor cheart ach dornán beag acu a bheith ann.
- Tuigeann an scoláire go gcabhróidh na rialacha seo chun gach duine a choinneáil slán agus mothú go bhfuil meas orthu sa seomra ranga
- Tagraítear do na bunrialacha go rialta d'fhonn iad a atreisiú go dearfach agus d'fhéadfaí iad a leasú, nó a idirbheartú más gá.

**Ullmhúchán!**
Déan tobsmaointeoireacht leis an ngrúpa chun na bunrialacha a cheapadh. Chun tús a chur leis an bpróiseas, fiafraigh roinnt ceisteanna díobh ar dtús *"Céard a chuirfeadh ar bhur gcompord sibh agus cén chaoi a mothódh sibh sábháilte agus sibh páirteach sa rang seo?"* Agus *"Cén cineál ruda a d'fhágfadh míchompordach sibh agus a chuirfeadh bac oraibh páirt a ghlacadh?"*

### Bunrialacha – roinnt leideanna

Seo thíos roinnt samplaí de nithe a d'fhéadfadh teacht aníos nuair a aontaítear ar bhunrialacha.

**Oscailteacht agus meas á léiriú ar theorainneacha:** Beidh mé oscailte agus ionraic, ach tuigim nach gcuirfear aon bhrú chun mo shaol pearsanta/príobháideach féin nó saol pearsanta/príobháideach daoine eile a phlé. Ní bhainfidh mé leas as ainmneacha ná tuairiscí lena bhféadfaí duine ar bith a aithint.

**Éisteacht go measúil:** Éistfidh mé le meas le dearcadh daoine eile. Cé go dtuigim go mbeidh sé ceart go leor easaontú nó dúshlán a thabhairt ar dhearcadh duine eile, ní bheidh aon duine mar cheap magaidh agam ná ní dhéanfaidh mé a bheag de dhuine ar bith.

**An ceart gan bheith páirteach:** Tá sé tábhachtach páirt a ghlacadh. Beidh an ceart agam áfach gan páirt a ghlacadh i bhfreagairt ceiste nó i ngníomhaíocht éigin.

**Tabhair faoi deara nuair a thugaim barúil nó breithiúnas faoi dhaoine:** Déanfaidh mé iarracht éisteacht go cúramach agus tuiscint a fháil ar an bhfáth go smaoiníonn agus go mbraitheann daoine ar an gcaoi sin, go háirithe nuair atá sé éagsúil ón tslí ina smaoiním nó ina mbraithim féin. Déanfaidh mé suntas de na barúlacha nó breithiúnais a dhéanaim, agus déanfaidh mé iarracht éisteacht agus tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadann luachanna, dearcthaí, eispéiris saoil nó mothúcháin dhifriúla a bheith ag daoine.

**Úsáid teanga:** Úsáidfidh mé teanga mheasúil agus na téarmaí cearta do na rudaí a bheidh á bplé againn seachas béarlagair, mar go mbíonn sé sin maslach do dhaoine áirithe. Mura mbím cinnte faoin téarma ceart is féidir liom ceist a chur ar an múinteoir.

**Cur ceisteanna:** Ní bheidh sé i gceist agam ceisteanna a chur nó moltaí a dhéanamh lena náireofaí nó lena ngoillfí duine ar bith eile d'aon ghnó. (B'fhéidir go smaoineofá freisin ar bhosca ceisteanna a chur ar fáil le haghaidh ceisteanna anaithnide.)

**Comhroinnt ama:** Aontaím go ligfidh mé do thostanna chun forbairt ionas go mbeidh an deis ag daoine eile a nguth a chur in iúl.

# Cad iad na tréithe a bhaineann le seomra ranga OSPS/OCG sábháilte?

Cuirfidh na smaointe a thagann aníos tríd an tobsmaointeoireacht seo le forbairt sraith bunrialacha.

Ach a mbeidh na bunrialacha aontaithe, is féidir le páistí agus daoine óga a bheith dearfa go mbeidh an seomra ranga seo ina áit shábháilte ina bhfuil meas ag gach duine ar a chéile, agus ina bhfuil tábhacht lena n-éilimh. Is féidir leatsa, a mhúinteoir, a bheith ar do shuaimhneas go bhfuil cosaint agat freisin a luaithe agus a thuigeann na scoláirí na nósanna imeachta atreoraithe is gá de réir na dTreoirlínte ar Chosaint Leanaí.

## 3. Cosaint leanaí

Is féidir le scoláirí scéalta agus faisnéis phearsanta a nochtadh le linn ceachtanna OSPS/OCG. Beidh sé tábhachtach feasacht a chruthú ar an tábhacht a bhaineann le cosaint ár bpríobháideachais agus le comhroinnt ar bhealach iomchuí nach bhfágann sin leochaileach nó goilliúnach. Is féidir é sin a dhéanamh trí aontú ar bhunrialacha agus teorainneacha á bplé sa seomra ranga. Dá gcaithfeadh scoláirí treoir bhreise a fháil tar éis an ranga agus labhairt go príobháideach (leatsa nó le ball foirne éigin eile), is féidir é sin a lua agus spreagadh a thabhairt dó.

Caithfear an rúndacht laistigh de chomhthéacs an tseomra ranga OSPS/OCG a phlé go hiomlán leis na scoláirí. D'fhéadfaí na hábhair seo a leanas a phlé sa chomhrá:

- Níor chóir go luafadh scoláirí ainmneacha sonracha agus iad ag athinsint scéalta ar mhaithe leis an bpríobháideachas a chosaint.
- Cuir scoláirí ar a suaimhneas nach n-iarrfar orthu a scéalta pearsanta féin a chomhroinnt leis an rang. Ná níor chóir dóibh sonraí ná eispéiris phearsanta a chomhroinnt a d'fhágfadh leochaileach iad.
- Cuir na scoláirí ar an eolas faoi na hábhair a bheidh á bplé roimh ré. D'fhéadfadh sé a bheith áisiúil do scoláirí a bhraithfeadh leochaileach go mbeadh an spás acu chun iad féin a réiteach i gcomhair topaicí áirithe.
- Ní mór do scoláirí fios a bheith acu go mbaineann **teorainneacha leis an rúndacht** agus nach féidir le múinteoirí ráthaíochtaí gan choinníoll ar rúndacht a thabhairt. Mínigh dóibh i gcúinsí áirithe mar a múinteoir go mb'fhéidir go gcaithfeá comhairle a lorg nó insint do dhuine éigin faoi cheist a tugadh aníos i rang éigin. Ní mór do scoláirí fios a bheith acu nach mór do mhúinteoir eolas a chomhroinnt le baill foirne a bhfuil cúraimí cumhdaigh acu má smaoiníonn siad go mbeidh scoláire i mbaol nó i gcontúirt. Mínigh an uair a thiocfaidh na nósanna imeachta atreoraithe/Treoirlínte ar Chosaint Leanaí sa scoil i gceist.

Is féidir teacht ar eolas anseo faoi do chúraimí cumhdaigh:

https://www.pdst.ie/ChildProtection - Nasc le hOiliúint agus le hAcmhainní

https://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Eolas/Cosaint-Leanaí/Eolas.html -Nasc le príomhcheisteanna agus príomhfhreagraí i ndáil le Cosaint Leanaí

Topaicí ábhartha eile

Plé le comhráite dúshlánacha

Plé le nochtadh faoi dhrochúsáid ghnéasach



NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment